

## Cláraigh le vótáil – Cáilitheacht

**Aois:** Tá gach cónaitheoir 18 mbliana d’aois agus os a chionn i dteideal a bheith ar an gclár. *Is féidir le duine clárú ó aois 16 bliana d’aois, ach ní bheidh siad in ann vótáil go dtí go mbeidh siad 18 mbliana d’aois.*

**Áit chónaithe:** ní mór do dhuine a bheith ina ngnáthchónaí sa stát agus ag an seoladh ag ar mian leo a bheith cláraithe.

**Gan aon áit chónaithe sheasta:** Mura bhfuil seoladh seasta agat, is féidir leat clárú ar líne fós ag <https://www.checktheregister.ie> nó trí Fhoirm ERF2 a chomhlánú. Déan teagmháil linn má tá tuilleadh eolais uait ag [registerofelectors@dlrcoco.ie](mailto:registerofelectors@dlrcoco.ie) /01 205 4880.

**Saoránacht:** tá gach duine fásta a chónaíonn sa stát i dteideal a bheith cláraithe; cinneann a saoránacht an cineál toghcháin inar féidir leo vóta a chaitheamh.

### Cearta Vótála

**Éireannaigh** — Saoránaigh Éireannacha: is féidir leo vótáil i ngach toghchán agus Reifreann

**Saoránaigh Bhriotanacha** — is féidir leo vótáil i dToghcháin Dála agus Áitiúla

**Saoránach Briotanach/AE:** is féidir leo vótáil i dToghcháin Dála, Eorpacha agus Áitiúla

**Saoránaigh ón AE** — is féidir le saoránaigh na hEorpa vóta a chaitheamh i dToghcháin Eorpacha agus Áitiúla

**Saoránaigh Neamh-AE** — is féidir leo vótáil i dToghcháin Áitiúla

**AE Féideartha** — is féidir leo vótáil i dToghchán Áitiúil